An bhfuil deacracht agat an ríomhphost seo a fheiceáil? Féach air i do bhrabhsálaí

A chairde,
Tá Scrúduithe Sheimeastar II ag teannadh linn go tréan. Léigh leat chun eolas agus dátaí tábhachtacha a fháil faoi do chlár ama scrúduithe.

Amchlár

Amchlár	Cliceáil anseo chun d'amchlár a fheiceáil.
Modúil	Cliceáil anseo chun do churaclam a fheiceáil.

- Bí cinnte faoi na modúil sin a bhfuil scrúdú le déanamh agat iontu.
- Seiceáil amchlár do scrúduithe, má tá gach ceann de do chuid modúl ann, lean ort leis an ullmhúchán!

Mic léinn a bhfuil suas le 10 ECTS á dtabhairt ar aghaidh acu ó 19/20

- Beidh na torthaí ar fáil ar líne do mhic léinn atá ag tabhairt 5 nó 10 ECTS ar aghaidh.
- Chun tuilleadh eolais a fháil, cliceáil anseo.

Modúil ar Iarraidh

Tá Scrúdú ar iarraidh ó d'amchlár – ach tá tú cláraithe.

- cinntigh go bhfuil scrúdú le déanamh sa mhodúl sin,
- deimhnigh go bhfuil tú cláraithe i gceart don mhodúl,

Déan teagmháil le Deasc Chabhrach Chlárlann na Mac Léinn (askregistry@nuigalway.ie)

agus cláraigh mar Iontráil Dheireanach don Scrúdú seo.

Tá Scrúdú ar iarraidh ó d'amchlár – ach ní cheapann tú go bhfuil tú cláraithe.

- Mura bhfuil tú cláraithe do mhodúl ach má tá tú ag déanamh staidéir air, agus má tá scrúdú le suí...
- Ní mór duit clárú don mhodúl go práinneach

1. **Déan teagmháil le** hOifig do Choláiste nó do Scoile agus déarfar le Reghelp thú a chlárú don mhodúl

2. A luaithe is a chuirtear an modúl le do churaclam, déan teagmháil le Deasc Chabhrach Chlárlann na Mac Léinn (askregistry@nuigalway.ie) chun clárú faoi 'Iontráil Dheireanach don Scrúdú'

Tá Scrúdú ar d'amchlár – ach níl staidéar á dhéanamh agat ar an ábhar sin agus tá tú cláraithe don mhodúl.

- Ní mór duit díchlárú ón scrúdú

1. **Déan teagmháil le** hOifig do Choláiste nó do Scoile agus déarfar le Reghelp thú a dhíchlárú ón modúl.

2. Seiceáil do churaclam le cinntiú go bhfuil an modúl bainte.

Tá Scrúdú ar d'amchlár – ach níl staidéar á dhéanamh agat ar an ábhar sin agus níl tú cláraithe don mhodúl.

- Ní gá duit aon rud a dhéanamh. Go n-éirí leat agus tú ag fáil faoi réir do do chuid scrúduithe!



Ullmhúchán do na Scrúduithe

Leagan Amach

Bíodh plean agat chun struchtúr a thabhairt do do sheisiún scrúdaithe, bíodh do dhátaí agus do spriocdhátaí ar eolas agat.

Spás Staidéir

Socraigh spás cuí do scrúduithe sa bhaile/i do sheomra:

Cinntigh go bhfuil dóthain spáis réitithe agat do do scrúduithe ar líne.

Ríomhaire Glúine & Bogearraí

Cinntigh go bhfuil na bogearraí cearta suiteáilte ar do ríomhaire deisce/ríomhaire glúine e.g. Microsoft Office Word nó Excel. Cinntigh go bhfuil ríomhaire glúine/ríomhaire deisce atá ag feidhmiú i gceart agat, agus go bhfuil tú in ann brath ar do nasc idirlín.

Seisiún Tástála & Pasfhocail

Réitigh seisiún tástála don scrúdú, más féidir; bíodh na nósanna imeachta a bheidh i gceist ar eolas agat, priontáil, clóscríbhneoireacht, doiciméid lámhscríofa scanta etc.
Cinntigh go bhfuil pasfhocal ar bith a bheidh de dhíth ar eolas agat.
Bíodh a fhios agat cé leis a bhfuil teagmháil le déanamh sa chás go bhfuil fadhb le doiciméid a uaslódáil.

Bíodh na treoirlínte ar eolas agat! Cinntigh go bhfuil na treoirlínte ar eolas agat, mar aon le leagan amach an scrúdaithe; tá sé tábhachtach go mbeidh a fhios agat cén fhad atá agat chun an scrúdú a dhéanamh!

Má tá tú cláraithe leis an tSeirbhís Tacaíochta Míchumais, cinntigh go bhfuil do Chomhordaitheoir Modúil ar an eolas faoi na socruithe a bhfuil tú ina dteideal don scrúdú, agus go bhfuil aon bhogearraí breise a bheidh in úsáid agat do na scrúduithe ar líne íoslódáilte agat, agus tástáil déanta orthu.

Rialacháin Scrúdaithe

Chun eolas cothrom le dáta a fháil ar rialacháin scrúdaithe agus ar pholasaithe eile scrúdaithe, féach leathanach gréasáin Pholasaithe agus Nósanna Imeachta na Scrúduithe anseo.

Ionracas Acadúil & Bradaíl

Chun teacht ar an eolas is déanaí agus ar fhíseáin ar líne a bhaineann le hIonracas Acadúil & Bradaíl, féach leathanach gréasáin CELT ar an bhfoghlaim ar líne le linn na géarchéime COVID anseo.

Lá an Scrúdaithe

Bí ullamh do na rudaí sin a d'fhéadfadh cur isteach ort i rith do scrúdaithe, abair le baill do theaghlaigh nó leo siúd a bhfuil tú i do chónaí leo go bhfuil scrúdú ar líne agat agus iarr orthu gan seirbhísí a úsáid a dhéanann éileamh ard ar bhandaleithead i rith na tréimhse sin.

Cinntigh go bhfuil luchtú iomlán ag do ríomhaire glúine, go bhfuil sé plugáilte isteach agus go bhfuil an cábla cumhachta stóráilte go sábháilte.
Coinnigh do spás staidéir/an spás don scrúdú glan agus néata go mór mór roimh an scrúdú.

Bíodh ite agus ólta agat roimh an scrúdú, bíodh buidéal uisce in aice láimhe agat i rith an scrúdaithe agus bíodh an claibín air chun nach ndoirtfidh sé.

Bíodh clog nó uaireadóir agat, seachas an fón, in áit atá sofheicthe chun go mbeidh a fhios agat an méid ama atá fágtha agat chun an scrúdú a chríochnú.
Sa chás go gceadaítear ábhair bhreise, cosúil le háireamháin nó foclóirí, bídís sin in aice láimhe chomh maith.

Bíodh a fhios agat cé leis a ndéanfaidh tú teagmháil sa chás go bhfuil fadhb agat logáil isteach, an scrúdú a dhéanamh nó an scrúdú a uaslódáil.
Bíodh an modh teagmhála is fearr leo ar eolas agat le go mbeidh tú in ann teagmháil a dhéanamh leo.
Bíodh a gcuid sonraí teagmhála in aice láimhe agat.

TABHAIR AIRE DUIT FÉIN

Déan iarracht a bheith ar do shuaimhneas, tá an obair déanta, tá tú réidh chun an scrúdú a dhéanamh.



Déan iarracht do scíth a ligean sa tréimhse roimh na scrúduithe, agus i rith thréimhse na scrúduithe.

Bí i dteagmháil le do chomhscoláirí.

CLICEÁIL ANSEO CHUN TEACHT AR DHÁTAÍ AN tSEIMEASTAIR

Sonraí Úsáideacha Teagmhála

Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta & an Léinn Cheiltigh	091-493954	www.nuigalway.ie/arts
Scoil Ghnó & Eacnamaíochta J.E. Cairnes	091-492612	www.nuigalway.ie/commerce
Scoil an Dlí	091-492389	www.nuigalway.ie/business-public-policy-law
Coláiste na hEolaíochta & na hInnealtóireachta	091-492182	www.nuigalway.ie/science-engineering/
Coláiste an Leighis, an Altranais & na nEolaíochtaí Sláinte	091-544475	
www.nuigalway.ie/colleges/medicine-nursing-and-health-sciences		
Scoil an Altranais agus an Chnáimhseachais	091-493432	www.nuigalway.ie/nursing.midwifery
Oifig na dTáillí	091-492386	www.nuigalway.ie/student_fees